Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2022

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo

**Déardaoin, 16 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Ní mór duit DHÁ cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn I (An Ealaín in Éirinn)
- Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1,000 AD – An Lá Inniu)
- Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is sampla de struchtúr Meigiliteach é **Brú na Bóinne**.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar an struchtúr seo agus ar an dóigh ar tógadh é.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar an maisiúchán atá ar cheann **amháin** de phríomhghnéithe an tséadchomhartha seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is sampla de mhiotalóireacht ón gCré-Umhaois é **Scornán Ghleann Insín**.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar an dóigh a ndearnadh é agus bíodh tagairt agat don bhunábhar, do na teicnící agus don mhaisiúchán.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar a bhfuil ar eolas agat faoi mhuintir na Cré-Umhaoise in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Is sampla de shnoíodóireacht chloiche ó ré na Luath-Chríostaíochta in Éirinn é **Gallán an Riaisc**, Co. Chiarraí, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar fhoirm agus ar mhaisiúchán an ghalláin seo.
(c) Ainmnigh snoíodóireacht chloiche **amháin** eile ó ré na Luath-Chríostaíochta a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, agus déan cur síos agus plé achomair uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Is sampla d'ailtireacht Nuachlasaiceach ón ré Sheoirseach é **Teach an Chustaim** i mBaile Átha Cliath.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh ailtire an fhoirgnimh seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar shuíomh agus ar struchtúr an fhoirgnimh seo.
(c) Déan cur síos agus plé achomair ar ghné mhaisiúil **amháin** den fhoirgneamh seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá an pictiúr '**Hellelil agus Hildebrand, an Casadh le Chéile ar Staighre an Túirín**' le Frederic William Burton (1816-1900) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha/dathanna.

(b) Déan cur síos agus plé ar theicnící péintéireachta an ealaíontóra.

(c) Ainmnigh pictiúr fíoracha **amháin** eile le healaíontóir Éireannach, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Is dealbhóireacht le Maurice Harron (r.1946) é '**An Teaghlach**' agus tá sí ***léirithe ar an mbileog leis seo.***

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos agus plé ar an dealbhóireacht seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus láimhseáil na fíorach daonna
- foirm/cruth
- uigeacht agus dromchla.

(b) Déan cur síos agus plé ar na bunábhair agus ar na teicnící ar baineadh úsáid astu.

(c) Ainmnigh saothar dealbhóireachta fíorach poiblí Éireannach **amháin** eile, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
- Daniel Maclise (1806-1870)
- Jack B. Yeats (1871-1957)
- Paul Henry (1876-1958)
- Harry Clarke (1889-1931)
- Louis le Brocquy (1916-2012)
- Martin Gale (r.1949)
- Geraldine O'Neill (r.1971).

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- teicnící agus úsáid comhábhar.

(c) Tabhair roinnt eolais faoi shaol agus faoi shaothar/ghairmréim an ealaíontóra a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar '**An Breithiúnas Deireanach**' le Gislebertus (12ú haois), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, faoi na ceannteidil seo a leanas:
- feidhm
- ábhar
- comhdhéanamh.

(b) Déan cur síos agus plé achomair ar na príomhghnéithe a bhaineann le heaglais nó le hardeaglais Rómhánúil.

*Léirigh do fhreagra*.

**9.** Tá '**Mairgneach Chríost**' le Giotto (c.1267-1337) ***léirithe ar an mbileog leis seo****.*
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- láimhseáil na fíorach daonna
- bunábhair agus teicnící.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Giotto, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá '**Primavera**' le Sandro Botticelli (c.1445-1510) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath/dathanna agus úsáid an tsolais
- láimhseáil na fíorach daonna.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Sandro Botticelli, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Is sampla de phéintéireacht ón Renaissance é '**Mona Lisa**' le Leonardo da Vinci (1452-1519).
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath/dathanna agus úsáid an tsolais
- bunábhair agus teicnící.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Leonardo da Vinci, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá '**L'Absinthe**', pictiúr le Edgar Degas (1834-1917), ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus teicnící
- dath/dathanna agus úsáid an tsolais.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Edgar Degas, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Roghnaigh saothar **amháin** le Pablo Picasso (1881-1973) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an saothar a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh/foirm
- stíl agus úsáid datha/dathanna/an tsolais.

(b) Tabhair roinnt eolais faoi shaol agus faoi shaothar/ghairmréim Pablo Picasso.

*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
- '**Máire Mhaigdiléana**' le Donatello (c.1386-1466)
- '**Cailín agus Fáinne Cluaise Péarla**' le Johannes Vermeer (1632-1675)
- '**Bás Marat**' le Jacques-Louis David (1748-1825)
- '**Beár ag na Folies-Bergère**' le Edouard Manet (1832-1883)
- '**An Scread**' le Edvard Munch (1863-1944).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh/foirm
- teicnící agus úsáid datha/dathanna/an tsolais.

(b) Tabhair roinnt eolais faoi shaol agus faoi shaothar/ghairmréim an ealaíontóra a roghnaigh tú.

*Léirigh do fhreagra*.

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh carachtar beoite i bhfíschluiche, i scannán nó i sraith teilifíse a bhfuil eolas agat air, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- feisteas/gnéithe fisiciúla
- dath/dathanna
- éifeacht ó thaobh amhairc de.

(b) Mol dearadh do charachtar beoite atá bunaithe ar dhuine ón bhfíorshaol a bhfuil meas agat air.
Tabhair fáthanna le do cinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra*.

**16.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh gailearaí ealaíne, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air, ar líne **nó** go pearsanta. Déan cur síos agus plé ar an taispeántas ar thug tú cuairt air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- leagan amach
- an dóigh ar cuireadh na déantúsáin ar taispeáint
- eolas.

(b) Mol imeacht oideachasúil **amháin** a dtiocfadh le gailearaithe ealaíne, músaeim agus ionaid léirmhíniúcháin a chur ar fáil chun cuairt orthu a dhéanamh taitneamhach agus faisnéiseach do pháistí.
Tabhair fáthanna le do chuid moltaí.

*Léirigh do fhreagra*.

**17.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar aghaidh siopa a cheapann tú a bheith éifeachtach ó thaobh amhairc de, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- litreoireacht
- úsáid datha/dathanna
- éifeacht ó thaobh amhairc de.

(b) Mol dearadh don aghaidh ar shiopa bianna sláinte.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an duais spóirt ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- foirm/cruth
- éifeacht ó thaobh amhairc de.

(b) Mol dearadh do dhuais an bhuaiteora i gcomórtas ceoil.
Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an bhfáinne ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- foirm/cruth
- bunábhair
- éifeacht amhairc.

(b) Mol dearadh do phíosa seodra a bheadh bunaithe ar phlandaí. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar láthair shuí faoin aer i bpáirc phoiblí a bhfuil eolas agat uirthi, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- suíomh
- foirm/cruth
- bunábhair agus dath/dathanna.

(b) Mol do dhearadh féin do láthair shuí nua taobh amuigh de leabharlann phoiblí. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an stampa ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- íomhánna
- dath/dathanna
- litreoireacht.

(b) Mol dearadh do stampa a dhéanfaidh an fholláine a cheiliúradh. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra Cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Gnáthleibhéal

# Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Déardaoin, 16 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:30